PARLAIMINT NA hEORPA 2024 - 2029

# AN COISTE COMHAIRLEACH MAIDIR LE hIOMPAR NA bhFEISIRÍ

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

## BROLLACH

I gcomhréir le hAirteagal 10(7) den Chód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa maidir le hionracas agus trédhearcacht, foilsíonn an Coiste Comhairleach maidir le hIompar na bhFeisirí (dá ngairtear an Coiste Comhairleach anseo feasta) tuarascáil bhliantúil maidir lena chuid oibre.

Rinne an Coiste an Tuarascáil Bhliantúil maidir le hobair an Choiste Chomhairligh a bhain leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024 a ghlacadh an 31 Márta 2025.

## Clár


**1. Oibleagáidí na bhFeisirí maidir le hionracas agus trédhearcacht**

**2. An Coiste Comhairleach maidir le hIompar na bhFeisirí**

2.1 Comhdhéanamh

2.2 Cathaoirleach i mbun Oifige

2.3 Cruinnithe in 2024

2.4 Na cásanna a scrúdaíodh agus an treoir a tugadh

**3. Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCód Iompair**

3.1 Dearbhuithe maidir le leasanna Príobháideacha na bhFeisirí a thíolacadh agus a thabhairt cothrom le dáta

3.2 Dearbhuithe eile a thíolacadh

3.3 Múscailt feasachta

3.4 Staidreamh

**4. Riarachán**

## Achoimre

Mar gheall ar thoghcháin Eorpacha mhí an Mheithimh 2024, cumhdaítear sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí an Choiste Chomhairligh maidir le hIompar na bhFeisirí sa chuid dheireanach den 9ú téarma reachtach (1 Eanáir go 15 Iúil 2024) agus le linn thús an 10ú téarma reachtach (16 Iúil go 31 Nollaig 2024).

Tar éis an phróisis fhairsing athchóirithe maidir le hionracas, neamhspleáchas agus cuntasacht a neartú, a sheol Uachtarán Pharlaimint na hEorpa ag tús 2023, rinneadh athbhreithniú sa Seisiún Iomlánach i mí Mheán Fómhair 2023 ar na Rialacha Nós Imeachta agus ar an gCód Iompair. An 16 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Biúró na Bearta Cur Chun Feidhme don Chód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa maidir le sláine agus trédhearcacht. Tháinig na rialacha nua i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2023.

Mar thoradh air sin, in 2024, tháinig méadú géar ar líon na gcásanna a scrúdaigh an Coiste Comhairleach, ar iarradh air scrúdú a dhéanamh ar 11 chás de shárú féideartha ar an gCód Iompair (i gcomparáid le dhá chás in 2023). Cúis eile leis an méadú seo ná, dar leis na rialacha nua, go bhféadfar sáruithe líomhainte ar an gCód Iompar a chur in iúl go díreach don Choiste Comhairleach freisin.

Fuair an Coiste iarraidh fhoirmiúil amháin ó ghrúpáil Feisirí a bhí ag lorg treoir maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme fhorálacha an Chóid Iompair. Chuir an Coiste a chomhairle ar fáil faoi rún agus laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear sa Chód Iompair.

Príomhphointe eile ar díríodh air ab ea an chumarsáid, an chomhairle agus an oiliúint maidir leis na hoibleagáidí, na foirmeacha agus na nósanna imeachta nua a sholáthraítear d'Fheisirí agus do chúntóirí parlaiminteacha don Pharlaimint atá ag imeacht agus do Pharlaimint nuathofa na hEorpa.

Chuidigh an próiseas mór múscailte feasachta sin agus na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na 6 mhí dheireanacha den 9ú téarma parlaiminteach le cur chun feidhme an Chóid Iompair nua do Pharlaimint na hEorpa nuathofa, go príomha i gcomhthéacs fáilte a chur roimh na Feisirí tofa i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2024.

I gcomhréir leis na Bearta Cur Chun Feidhme don Chód Iompair, lean an tseirbhís riaracháin inniúil (an tAonad um Riarachán do na Feisirí laistigh de AS na hUachtaránachta, a sholáthraíonn seirbhísí rúnaíochta don Choiste Comhairleach) de sheiceáil inchreidteachta ghinearálta a dhéanamh ar na Dearbhuithe Leasanna Príobháideacha a thíolaic na Feisirí.

Thairis sin, ag leanúint de chleachtas seanbhunaithe, lean an tAonad um Riarachán do na Feisirí d'fhiosrúcháin a fhreagairt a rinne Feisirí nó a gcúntóirí a chur ar aghaidh d'fhonn cabhrú leo forálacha an Chóid agus a Bhearta Cur Chun Feidhme a chur i bhfeidhm i gceart.

Idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2024, cuireadh isteach 954 Dhearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha, 1993 Dhearbhú maidir le Feasacht ar Choinbhleachtaí Leasa, 140 Dearbhú maidir le Freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe agus 739 nDearbhú Sócmhainní i gcomhréir leis na rialacha. Ina theannta sin, thug na Feisirí fógra faoi 21 bhronntanas. Foilsíodh 21 030 cruinniú le hionadaithe leasmhara nó le hionadaithe ó thríú tíortha.

# 1. OIBLEAGÁIDÍ NA bhFEISIRÍ MAIDIR LE hIONRACAS AGUS TRÉDHEARCACHT

Leagtar amach sa Chód Iompair d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa maidir le macántacht agus trédhearcacht (Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte) treoirphrionsabail agus príomhdhualgais na bhFeisirí agus a sainorduithe á bhfeidhmiú acu. Tá na Feisirí á dtreorú ag prionsabail ghinearálta iompair na neamh-fhéinchúise, an ionracais, na hoscailteachta, an díchill, na macántachta, na cuntasachta, na hurraime do dhínit agus do chlú na Parlaiminte agus comhlíonann siad na prionsabail sin, ní ghníomhaíonn siad ach ar mhaithe le leas an phobail agus staonann siad ó aon tairbhe dhíreach nó indíreach nó luaíocht eile a fháil nó a lorg.

De bhun Airteagal 2 den Chód Iompair, ní féidir le Feisirí aon chomhaontú a dhéanamh chun gníomhú nó vótáil ar mhaithe le haon duine dlítheanach nó nádúrtha eile ar comhaontú é a chuirfeadh isteach ar a saoirse vótála. Ní dhéanfaidh siad aon sochar nó luaíocht eile díreach nó indíreach a lorg, a ghlacadh nó a fháil, lena n-áirítear in airgead tirim nó tacaíocht chomhchineáil, mar mhalairt ar iompraíocht shonrach mar a bhaineann le raon oibre parlaimintí an Fheisire, agus féachfaidh siad go comhfhiosach le haon staid a d'fhéadfadh breabaireacht, éilliú nó tionchar míchuí a thabhairt le tuiscint a sheachaint. Ina theannta sin, ní ceadmhach do na Feisirí dul i mbun gníomhaíochtaí brústocaireachta íoctha a bhfuil baint dhíreach acu le próiseas cinnteoireachta an Aontais.

Tugtar sainmhíniú sa Chód Iompair ar 'coinbhleacht leasa' agus leagtar síos leis na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt uirthi. Is ann do choinbhleacht leasa i gcás ina bhféadfadh tionchar míchuí a bheith ar fheidhmiú sainordú Feisire de Pharlaimint na hEorpa ar mhaithe le leas an phobail ar chúiseanna a bhaineann le teaghlach, saol mothúchánach nó leas eacnamaíoch, nó aon leas príobháideach díreach nó indíreach eile de chuid an Fheisire. Mar sin féin, sainmhínítear 'coinbhleacht leasa' sa Chód Iompair in Airteagal 3 de, ní hamháin mar leas príobháideach a imríonn tionchar iarbhír ar an bhFeisire i bhfeidhmiú a dhualgas nó a dualgas, ach freisin mar 'staid ina bhféadfadh an leas a aithníodh, i súile an phobail, tionchar a imirt ar fheidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil' dhualgais an Fheisire.[1]. Ní ann do choinbhleacht leasa i gcás nach dtairbhíonn Feisire ach amháin mar chomhalta den phobal i gcoitinne nó d'aicme leathan daoine.

Tá sé d'oibleagáid ar na bhFeisirí gach iarracht réasúnach a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa a bhrath, agus nuair is eol dóibh gur ann dá leithéid, gach iarracht a dhéanamh láithreach ar iad a réiteach. Mura bhfuil siad in ann an choinbhleacht leasa a réiteach, ní mór do na Feisirí í a dhearbhú ina nDearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha. Nochtfaidh siad freisin, sula labhróidh siad nó sula vótálfaidh siad i suí iomlánach nó i gceann de chomhlachtaí Pharlaimint na hEorpa, aon choinbhleacht leasa i ndáil leis an ábhar atá á bhreithniú. Ina theannta sin, ní mór do shealbhóirí oifige, Rapóirtéirí, Scáth-rapóirtéirí, lena n-áirítear Rapóirtéirí agus Scáth-rapóirtéirí don tuairim, agus rannpháirtithe i dtoscaireacht oifigiúil nó i gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha Dearbhú maidir le Feasacht ar Choinbhleachtaí Leasa a thíolacadh freisin.

[1] Breithiúnas an 15 Iúil 2015, Dennekamp v Parliament, T-115/13, AE:T:2015:497, mír 106.

Thairis sin, bunaítear rialacha mionsonraithe sa Chód Iompair i ndáil leis an Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha. Go háirithe, ní mór d'Fheisirí dearbhú a thíolacadh, agus an fhaisnéis riachtanach go léir ann ar bhealach mionsonraithe agus beacht. Tá an dearbhú tosaigh dlite faoi dheireadh an chéad seisiúin iomlánaigh i ndiaidh na dtoghchán Eorpach nó laistigh de 30 lá i ndiaidh d'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa dul i mbun oifige le linn thréimhse an téarma pharlaimintigh. Má thagann aon athrú ar chúrsaí, caithfear dearbhú athbhreithnithe a thíolacadh faoi dheireadh na míosa dár gcionn.

In Airteagal 5 den Chód Iompair, tá oibleagáid ar na Feisirí Dearbhú Sócmhainní a thíolacadh ag tús a sainordaithe agus ag a dheireadh.

Leis an gCód Iompair, i gcás gach cruinnithe sceidealta uile a bhaineann le gnó parlaiminteach a bhíonn ag na Feisirí le hionadaithe sainleasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta éigeantach, agus le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, ceanglaítear ar na Feisirí iad a fhoilsiú ar líne.

Ceanglaítear leis an gCód Iompair freisin go liostódh rapóirtéirí, in iarscríbhinn a ghabhann lena dtuarascáil nó lena dtuairim, na heintitis agus na daoine óna bhfuair siad ionchur maidir le hábhair a bhaineann le hábhar an chomhaid. Tháinig sé sin in ionad an 'loirg reachtaigh' a bhí ann ar bhonn deonach roimhe seo.

Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, tá sé de cheangal ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa staonadh ó ghlacadh le haon bhronntanais nó sochair chomhchosúla, seachas bronntanais nó sochair ar lú ná EUR 150 a ngarluach. I gcás ina dtabharfar bronntanais ar mó a ngarluach ná EUR 150 d'Fheisirí agus iad ag déanamh ionadaíochta ar Pharlaimint na hEorpa i gcáil oifigiúil, tabharfaidh na Feisirí fógra don Uachtarán agus tabharfaidh siad na bronntanais ar láimh.

Ní mór do na Feisirí a dhearbhú go raibh siad i láthair ag imeachtaí arna n-eagrú ag daoine nó ag eagraíochtaí, más rud é gur tríú páirtithe a rinne a speansais taistil, chóiríochta agus/nó chothaithe a íoc nó a aisíoc.

Cé is moite den Dearbhú Sócmhainní, tá na dearbhuithe sin uile agus clár na mbronntanas oifigiúil le fáil go díreach ar shuíomh gréasáin poiblí na Parlaiminte.

Is léiriú iad na hoibleagáidí thuasluaite go léir maidir le nochtadh ar thiomantas láidir Pharlaimint na hEorpa don trédhearcacht agus don eitic. Thairis sin, déantar foráil sa Chód Iompair do shásra chun faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na forálacha.

## 2. AN COISTE COMHAIRLEACH MAIDIR LE HIOMPAR NA BHFEISIRÍ

De réir Airteagal 10 den Chód Iompair, tá an Coiste Comhairleach comhdhéanta d'ochtar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Déanann an Coiste measúnú ar sháruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair agus tugann sé comhairle don Uachtarán maidir le gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh, ní hamháin ar iarraidh ón Uachtarán ach freisin nuair a dhéantar í a chur in iúl

go díreach dó. Déanann an Coiste Comhairleach faireachán réamhghníomhach freisin ar chomhlíontacht na bhFeisirí leis an gCód Iompair agus lena Bhearta Cur Chun Feidhme agus cuireann sé aon sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann in iúl don Uachtarán.

## 2.1 Comhdhéanamh

Is í an tUachtarán a cheapann an Coiste Comhairleach, ag tús a théarma oifige nó a téarma oifige, agus aird chuí á tabhairt ar thaithí na bhFeisirí ach freisin ar an gcothromaíocht pholaitiúil agus inscne.

Chun na rialacha athbhreithnithe maidir le comhdhéanamh an Choiste Chomhairligh a chomhlíonadh go dtí deireadh an 9ú téarma reachtach, chuir an tUachtarán a cinneadh in iúl i dtaobh an chúigear Buanchomhaltaí a bhí ar an gCoiste roimhe sin a choinneáil. Ina theannta sin, cheap sí an bheirt iar-Chomhaltaí cúltaca mar Bhuanchomhaltaí agus mar Chomhalta nua amháin. Níor ceapadh aon Chomhalta cúltaca nua an iarraidh seo don 9ú téarma.

Ó mhí na Samhna 2023 go dtí mí an Mheithimh 2024, ba iad seo a leanas an ochtar buanchomhaltaí den Choiste Comhairleach:

- Danuta Maria HÜBNER, (PPE, an Pholainn);
- Giuliano PISAPIA (S&D, an Iodáil);
- Gilles BOYER (Renew, an Fhrainc);
- Heidi HAUTALA, (Verts/ALE, An Fhionlainn);
- Geert BOURGEOIS (ECR, an Bheilg).
- Gerolf ANNEMANS (ID, an Bheilg);
- Helmut SCHOLZ (The Left, an Ghearmáin);
- Monika HOHLMEIER (PPE, an Ghearmáin).

Ag tús a téarma nua oifige, cheap an tUachtarán iad seo a leanas mar Chomhaltaí den Choiste Comhairleach don 10ú téarma reachtach:

- Monika HOHLMEIER (PPE, an Ghearmáin);
- Ana Catarina MENDES (S&D, an Phortaingéil);
- Gerolf ANNEMANS (PfE, an Bheilg);
- Chiara GEMMA (ECR, an Iodáil);
- Gilles BOYER (Renew, an Fhrainc);
- Nicolae ȘTEFĂNUȚĂ (Na Glasaigh/SCE, an Rómáin);
- Martin SCHIRDEWAN (The Left, An Ghearmáin);
- Antonio LÓPEZ-ISTÚRIZ WHITE (PPE, an Spáinn);

Ag tús a théarma oifige nó a téarma oifige, ceapfaidh an tUachtarán freisin comhaltaí cúltaca don Choiste Comhairleach, comhalta amháin do gach grúpa polaitiúil nach bhfuil ionadaíocht á déanamh thar a cheann sa Choiste Comhairleach. Is é seo a leanas an Comhalta cúltaca a cheap an tUachtarán don 10ú téarma reachtach:

- Ivan DAVID (ESN, an tSeicia).

**2.2 Cathaoirleach i mbun Oifige**

I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 10(2) den Chód Iompair, feidhmíonn gach Buanchomhalta den Choiste Comhairleach mar chathaoirleach ar feadh sé mhí ar bhonn uainíochta. Sonraítear ina theannta sin in Airteagal 4 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Chomhairligh go leanann an uainíocht, i bprionsabal, líon comhaltaí na ngrúpaí polaitiúla a bhfuil ionadaíocht á déanamh thar a gceann ar an gCoiste Comhairleach.

Tar éis na huainíochta a comhaontaíodh roimhe seo, sa chéad seimeastar de 2024 go dtí deireadh an 9ú téarma reachtach, bhí Heidi HAUTALA (Eanáir-Márta) agus Geert BOURGEOIS (Aibreán-Meitheamh) ina gCathaoirligh.

Sa dara seimeastar de 2024 agus ag tús an 10ú téarma reachtach, bhí Monika HOHLMEIER (Deireadh Fómhair-Nollaig 2024) ina Cathaoirleach.

**2.3 Cruinnithe in 2024**

Glacadh féilire chruinnithe an Choiste Chomhairligh don chéad seimeastar de 2024 an 14 Samhain 2023 agus tháinig an Coiste Comhairleach le chéile naoi n-uaire ina dhiaidh sin mar a leanas:

| **Féilire na gcruinnithe iarbhír sa chéad seimeastar de 2024** - (deireadh an 9ú téarma parlaiminteach) |
|---|
| ▪ Dé Máirt an 30 Eanáir<br>▪ Déardaoin, 7 Feabhra (Cruinniú Urghnách)<br>▪ Dé Máirt an 13 Feabhra<br>▪ Dé Máirt an 20 Eanáir (Cruinniú Urghnách)<br>▪ Déardaoin, 27 Feabhra (Cruinniú Urghnách)<br>▪ Dé Máirt an 5 Eanáir (Cruinniú Urghnách)<br>▪ Dé Máirt an 19 Márta<br>▪ Dé Máirt, an 9 Aibreán<br>▪ Dé Máirt an 23 Eanáir (Cruinniú Urghnách) |

An 1 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Coiste Comhairleach féilire a chruinnithe le haghaidh 2024-2025. Tionóladh ceithre chruinniú le linn an dara seimeastar de 2024.

**Féilire na gcruinnithe iarbhír sa dara seimeastar de 2024** (tús an 10ú téarma parlaiminteach)

- Dé Máirt an 1 Deireadh Fómhair
- Dé Luain, an 11 Samhain
- Dé Máirt, an 26 Samhain (Cruinniú Urghnách)
- Dé Máirt, 17 Nollaig

## 2.4 Na cásanna a scrúdaíodh agus an treoir a tugadh

### 2.4.1 Tarchur ón Uachtarán maidir le sáruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair

I gcás ina bhfuil cúis lena chreidiúint go bhféadfadh sárú a bheith déanta ag Feisire ar an gCód Iompair, déanfaidh an tUachtarán an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairligh. Scrúdóidh an Coiste Comhairleach imthosca an tsáraithe líomhnaithe ansin agus féadfaidh sé éisteacht a thabhairt don Fheisire lena mbaineann. Tugann an Coiste moladh don Uachtarán i dtaobh an chinneadh a d'fhéadfaí a dhéanamh. Féadfaidh an Coiste Comhairleach moladh pionóis a áireamh nuair is iomchuí.

In 2024, rinne an tUachtarán cúig chás de sháruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair a tharchur chuig an gCoiste Comhairleach. Rinne an tUachtarán ceithre cinn de na cásanna a tharchur sa chéad seimeastar de 2024, ag deireadh an 9ú téarma parlaiminteach, agus tharchuir an tUachtarán cás amháin sa dara seimeastar de 2024, ag tús an 10ú téarma reachtach.

An chéad seimeastar de 2024 - 9ú téarma parlaiminteach

- **Sárú féideartha ar na hoibleagáidí nochta sa Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais agus sa Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha**

Bhain an chéad tarchur le mainneachtain Feisire a dhearbhú a dhéanamh sa Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais[2] faoi ghairmeacha nó comhaltais nach bhfuarthas luach saothair astu le linn na tréimhse trí bliana sula ndeachaigh an Feisire i mbun oifige le Parlaimint na hEorpa, agus ballraíocht in aon eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachais nó comhlachtaí eile arna mbunú le dlí. Thairis sin, ní raibh Dearbhú an Fheisire maidir le Leasanna Airgeadais go hiomlán ceart, mar gheall ar easnaimh ina ábhar. Ina theannta sin, níor dhearbhaigh an Feisire sna Dearbhuithe maidir le Leasanna Airgeadais ná sa Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha, an tacaíocht a fuarthas ó thríú páirtithe le haghaidh imeachtaí arna n-eagrú i

[2] Bhí an Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais i bhfeidhm leis an leagan roimhe seo de na rialacha. Rinneadh an Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha a chur ina ionad amhail ón 1 Samhain 2023.

bParlaimint na hEorpa. Ar deireadh, níor thíolaic an Feisire Dearbhú maidir le freastal, i gcáil mar Fheisire, ar roinnt imeachtaí arna n-eagrú agus arna n-íoc ag tríú páirtithe. Bhí na saincheisteanna uile nasctha le tríú tír ar leith.

Scrúdaigh an Coiste Comhairleach imthosca uile na sáruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair agus, tar éis éisteacht a thabhairt don Fheisire lena mbaineann, tháinig sé ar an gconclúid nár chomhlíon an Feisire na hoibleagáidí nochta faoi Airteagail 3 agus 4 den Chód Iompair atá i bhfeidhm faoi láthair, agus faoi Airteagal 4 den Chód Iompair a bhí i bhfeidhm roimhe sin. Chuir an Coiste Comhairleach i bhfios go láidir go bhfuil sé de fhreagracht ar na Feisirí faisnéis bheacht a sholáthar.

Tar éis moladh a fháil ón gCoiste Comhairleach, chinn an tUachtarán pionós a fhorchur ar an bhFeisire i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte.

- **Sárú féideartha ar na hoibleagáidí nochta sa Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais**

Sa dara cás is amhlaidh nach ndearna Feisire an Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais a líonadh isteach i gcomhréir le forálacha an Chóid Iompair roimhe seo, go háirithe d'fhonn faisnéis chruinn a léiriú maidir le haon ghníomhaíocht sheachtrach ábhartha, bíodh sí rialta nó ócáideach, bíodh luach saothair ag dul léi nó ná bíodh, agus maidir le gabháltais.

Sa chás sin, áitíodh, gan beann ar cibé acu ócáideach nó rialta a bhí an ghníomhaíocht, nó ar an raibh luach saothair ag dul léi, gur cheart an ghníomhaíocht a dhearbhú sa Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais de réir Airteagal 4(2)(d) den Chód Iompair roimhe sin. I bhfianaise athrú a bheith déanta ar na rialacha - a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 2023 - ní féidir an Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha a thabhairt cothrom le dáta go cúlghabhálach chun easnaimh sa Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais roimhe seo a chumhdach.

Dá bhrí sin, ina mholadh don Uachtarán, tar éis éisteacht a thabhairt don Fheisire lena mbaineann, chinn an Coiste Comhairleach gur sáraíodh Airteagal 4(2)(d) den Chód Iompair a bhí ann roimhe sin. Mar sin féin, i bhfianaise na faisnéise nua a chuir an Feisire ar fáil le linn na héisteachta, ní fhéadfaí aon sárú ar an gCód Iompair reatha a shuí sa chás seo agus, agus na himthosca á gcur san áireamh, níor moladh aon phionós.

- **Sárú féideartha ar phríomhdhualgais na bhFeisirí i ndáil le brústocaireacht ghairmiúil**

Rinne an tUachtarán an tríú cás de shárú líomhnaithe ar an gCód Iompair a tharchur chuig an gCoiste Comhairleach, arb é a bhí i gceist leis nár chomhlíon Feisire an oibleagáid nochta a bhaineann leis an Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais a thabhairt cothrom le dáta chun comhaltas ENR a dhéanann gníomhaíochtaí brústocaireachta ar an mbord a áireamh.

Sa mheasúnú uaidh, thug an Coiste Comhairleach dá aire go raibh na Feisirí freagrach go pearsanta as faisnéis bheacht agus nuashonraithe a sholáthar ina nDearbhú maidir le Leasanna Airgeadais, lena n-áirítear na sonraí go léir a leagadh síos in Airteagal 4(2) den Chód Iompair

a bhí i bhfeidhm roimhe sin. B'éigean ballraíocht ar bhoird eagraíochtaí neamhrialtasacha a dhearbhú, gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh luach saothair ag dul leis an ngníomhaíocht sin.

Ina mholadh don Uachtarán, tar éis éisteacht a thabhairt don Fheisire lena mbaineann, chinn an Coiste Comhairleach gur sáraíodh Airteagal 4(2)(d) den Chód Iompair a bhí i bhfeidhm roimhe sin. Chuir an Coiste Comhairleach i bhfios go láidir gurbh é a bhí i gcuspóir an ENR lena mbaineann brústocaireacht a raibh baint dhíreach aici le próiseas cinnteoireachta an Aontais. Sin é an fáth a raibh dualgas nochta ar leith ann, gan beann ar cé acu a rinneadh gníomhaíocht brústocaireachta iarbhír nó nach ndearnadh.

Tar éis moladh a fháil ón gCoiste Comhairleach, chinn an tUachtarán pionós a fhorchur ar an bhFeisire i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte.

- **Sárú féideartha ar na hoibleagáidí nochta sa Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais agus sa Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha**

Bhí an ceathrú tarchur ón Uachtarán bunaithe ar thuairisciú sna meáin ar dá réir a gheobhadh an Feisire lena mbaineann íocaíochtaí nó cúiteamh eile ó thríú tíortha as gníomhaíochtaí polaitiúla, lena n-áirítear laistigh de Pharlaimint na hEorpa.

Tá measúnú an Choiste Chomhairligh teoranta do chreat an Chóid Iompair. Níor tugadh lánchumhachtaí imscrúdaitheacha don Choiste agus braitheann sé ar an bhfaisnéis a fhaightear ó Pharlaimint na hEorpa, ón bhFeisire, ó na foinsí poiblí atá ar fáil nó ar fhaisnéis ó shaineolaithe seachtracha, i gcás inarb infheidhme. Níl sainordú ag an gCoiste imscrúduithe a dhéanamh maidir leis an éilliú, agus níl sé d'acmhainn aige measúnú a dhéanamh ar thionchar eachtrach míchuí gan faisnéis leordhóthanach a fháil ó na húdaráis bhreithiúnacha inniúla.

Ina mholadh don Uachtarán, tháinig an Coiste Comhairleach ar an gconclúid, tar éis éisteacht a thabhairt don Fheisire lena mbaineann, nach bhféadfadh sé sárú ar an gCód Iompair a shuí. Mar sin féin, mhol an Coiste Comhairleach an cás a chur in iúl do na húdaráis ábhartha Eorpacha agus náisiúnta le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe maidir le cur isteach eachtrach agus tionchar míchuí a d'fhéadfadh a bheith ann.

<u>An dara seimeastar de 2024 - 10ú téarma parlaiminteach</u>

- **Sárú féideartha ar cheann de phríomhdhualgais na bhFeisirí**

Bhain an cúigiú tarchur ón Uachtarán le sárú féideartha ar an oibleagáid faoi Airteagal 2(b) den Chód Iompair aon chás a sheachaint ina bhféadfaí a thabhairt le tuiscint go bhfuil breabaireacht, éilliú nó tionchar míchuí i gceist.

Tá measúnú an Choiste Chomhairligh ar an ábhar sin fós ar siúl tráth ghlacadh na Tuarascála Bhliantúla agus tabharfar chun críche é in 2025.

### 2.4.2 Sáruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair arna gcur in iúl go díreach don Choiste Comhairleach

De bhun Airteagal 10 den Chód Iompair, is féidir sáruithe líomhnaithe a chur in iúl go díreach don Choiste Comhairleach, a chaithfidh measúnú a dhéanamh orthu agus comhairle a chur ar an Uachtarán maidir leis na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh. In 2024, cuireadh ceithre chás de sháruithe líomhnaithe ar an gCód Iompair in iúl go díreach don Choiste Comhairleach, mar a shonraítear thíos.

<u>An chéad seimeastar de 2024 - 9ú téarma parlaiminteach</u>

- **Sárú féideartha ar na hoibleagáidí nochta a bhaineann le freastal de bhun cuireadh ag imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe**

Bhain an chéad chás a cuireadh in iúl go díreach don Choiste Comhairleach, trí thuairisciú sceithireachta, le taisteal a líomhnaíodh a rinne Feisire chuig tríú tír. De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, is tríú páirtí a d'íocfadh na costais go léir.

De bhun Airteagal 6(3) den Chód Iompair, ní mór d'Fheisirí a dhearbhú gur fhreastail siad ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtí, i gcás inar íoc nó inar aisíoc tríú páirtí na speansais taistil, chóiríochta nó chothaithe ina n-iomláine nó i bpáirt. Níor chuir an Feisire aon dearbhú chuige sin isteach.

D'iarr an Coiste Comhairleach ar an bhFeisire an t-ábhar sin a shoiléiriú. D'fhreagair an Feisire go bhfuair sé cuireadh don taisteal sin, áfach, nár tharla an taisteal riamh. Dá bhrí sin, níor suíodh aon sárú ar an gCód Iompair sa chás seo.

<u>An dara seimeastar de 2024 - 10ú téarma parlaiminteach</u>

- **Sáruithe féideartha ar na hoibleagáidí nochta a bhaineann leis an Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha, freastal de bhun cuiridh ag imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe agus bronntanais nó sochair chomhchosúla**

Bhain an dara hábhar a cuireadh in iúl go díreach don Choiste Comhairleach le sáruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta ag roinnt Feisirí; Rinneadh tagairt sa ghearán d'oibleagáidí nochta a bhaineann leis an Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha, tinreamh de bhun cuiridh ag imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe agus bronntanais nó sochair chomhchosúla. Ghlac na Feisirí páirt in 2023 in imeacht bliantúil a d'eagraigh eagraíocht pholaitiúil tríú páirtí.

D'iarr an Coiste Comhairleach soiléiriú ar na Feisirí ábhartha maidir leis an gcáil inar fhreastail siad ar an imeacht, agus fiafraíodh díobh an ndearna tríú páirtithe a speansais a chumhdach nó a aisíoc agus an bhfuair siad aon bhronntanais nó sochair chomhchosúla.

Tá sé de dhualgas ar na Feisirí comhaltais ar aon bhoird nó ar aon choistí nó aon ghníomhaíocht sheachtrach ábhartha eile a ghabhann siad de láimh a áireamh in alt (c) dá nDearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha. Maidir le cuirí chuig imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe, ní mór d'Fheisirí aisíoc costas taistil, cóiríochta agus cothaithe, nó íocaíocht dhíreach na gcostas sin ag tríú páirtithe a nochtadh, go hiomlán nó go páirteach, nuair a fhreastalaíonn Feisirí, de bhun cuireadh a fháil agus le linn dóibh a ndualgas a chomhlíonadh, ar aon imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe. Ar an gcaoi chéanna, níl sé d'oibleagáid ar Fheisirí bronntanais ar mó a ngarluach ná EUR 150 a dhearbhú a bhronntar orthu ach nuair atá siad ag déanamh ionadaíochta ar an bParlaimint i gcáil oifigiúil.

Agus an fhaisnéis a soláthraíodh á cur san áireamh, agus ós rud é nár comhlíonadh na ceanglais thuasluaite, tháinig an Coiste Comhairleach ar an gconclúid nach raibh aon ghneithe ann chun sárú ar Airteagal 4(2)(c) agus ar Airteagal 6 den Chód Iompair a shuí.

- **Sárú féideartha ar na hoibleagáidí nochta sa Dearbhú maidir le Leasanna Airgeadais**

Bhain an gearán le físeán fógraíochta os comhair Pharlaimint na hEorpa a d'fhoilsigh Feisire ar na meáin shóisialta lena gcuirtear chun cinn tréimhse oiliúna íoctha i gcuideachta atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta. Mheas an gearánach go bhféadfaí a mheas go gcuireann rannpháirtíocht an Fheisire i bhfógra tráchtála isteach ar neamhspleáchas agus ar shláine an róil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa.

Bhí an Coiste Comhairleach den tuairim go bhféadfadh rannpháirtíocht Feisire i gcur chun cinn tráchtála, de réir dhearcadh an phobail freisin, a bheith ina leas príobháideach. Thairis sin, ba cheart aon luach saothair a bhraitear don fhíseán fógraíochta a dhearbhú.

Ós rud é gur dheimhnigh an Feisire nach bhfuarthas aon ioncam agus nach ndearnadh aon ghníomhaíocht brústocaireachta, mheabhraigh an Coiste Comhairleach don Fheisire go bhféadfadh rannpháirtíocht i dtionscnaimh den sórt sin a thabhairt le tuiscint go bhfuil leas príobháideach díreach nó indíreach i gceist, rud a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh air. Dá bhrí sin, mhol an Coiste Comhairleach don Fheisire an Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha a thabhairt cothrom le dáta trí fhaisnéis a sholáthar maidir leis an rannpháirtíocht san fhíseán bolscaireachta, agus trína shonrú nach raibh aon ioncam ná tairbhí eile i gceist leis. Cloígh an Feisire le comhairle an Choiste Chomhairligh.

- **Sárú féideartha ar na hoibleagáidí nochta**

Fuair an Coiste Comhairleach gearán ó shaoránach faoi shárú féideartha ar an gCód Iompair i gcomhthéacs luach airgid a bheith á fháil ag Feisire as na gníomhaíochtaí sna meán sóisialta. Mhaígh an gearánach go bhféadfadh sé go raibh an Feisire ag fáil íocaíochtaí ó urraitheoirí agus ag giniúint ioncaim mar thioncharóir. Níl na gníomhaíochtaí sin i nDearbhú an Fheisire maidir le Leasanna Príobháideacha.

Tá measúnú an Choiste Chomhairligh ar an ábhar sin fós ar siúl tráth ghlacadh na Tuarascála Bhliantúla agus tabharfar chun críche é in 2025.

### 2.4.3 Cásanna a sainaithníodh trí fhaireachán ar chomhlíonadh

De bhun Airteagal 10(5), an tríú fomhír, den Chód Iompair agus i gcomhréir le Riail 9 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Chomhairligh, tá sé de chúram ar an gCoiste Comhairleach faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chóid Iompair agus a Bhearta Cur Chun Feidhme ag na Feisirí, agus tacaíocht á fháil ón rúnaíocht.

Ní mór dó freisin aon sáruithe féideartha ar na forálacha sin a chur in iúl don Uachtarán.

In 2024, rinne an Coiste Comhairleach measúnú ar dhá chás de shárú líomhnaithe ar an gCód Iompair, a sainaithníodh trí fhaireachán.

Bhain an chéad chás le tacaíocht neamhdhearbhaithe do ghníomhaíochtaí polaitiúla Feisire trí chomhlachas neamhbhrabúsach a bunaíodh sa Bheilg. Tar éis malartú leis an bhFeisire lena mbaineann, mhol an Coiste Comhairleach don Fheisire an Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha a thabhairt cothrom le dáta. Cloígh an Feisire le comhairle an Choiste Chomhairligh.

Bhain an dara cás le taisteal chuig tríú tír. Bhí an Feisire fós laistigh den sprioc-am 60 lá chun an Dearbhú maidir le Freastal ar imeacht arna eagrú ag tríú páirtí a chur isteach. Tá faireachán ar an gcás sin fós ar siúl ag an Rúnaíocht tráth ghlactha na Tuarascála Bliantúla agus tabharfar chun críche í in 2025.

### 2.4.4 Iarraidh ar threoir ó Fheisirí maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme an Chóid Iompair

De réir Airteagal 10(5) den Chód Iompair, is féidir le haon Fheisire treoir a iarraidh ar an gCoiste Comhairleach maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme fhorálacha an Chóid agus tá sé nó sí i dteideal brath ar threoir den sórt sin. Ní mór don Choiste Comhairleach an treoir sin a chur ar fáil faoi rún agus laistigh de 30 lá féilire.

In 2024, fuair an Coiste Comhairleach iarraidh fhoirmiúil ar threoir ó ghrúpáil Feisirí.

Bhain an iarraidh le léirmhíniú agus cur chun feidhme fhorálacha an Chóid Iompair maidir le Dearbhú Leasanna Príobháideacha agus le cruinnithe a fhoilsiú.

Sheol an Coiste Comhairleach litir chuig na Feisirí, a bhí bunaithe, seachas téacs na rialacha a bhí i bhfeidhm, ar *ratio legis* na rialacha nua agus ar an gcleachtas roimhe sin, ina dtugtar an treoir seo a leanas:

I. Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha

a) Dearbhú maidir le sealúchais nó punanna stoic na bhFeisirí

Tá an tseilbh ar scaireanna nó punanna stoic agus na díbhinní a fhaightear nó an t-ús a fhaightear ar ioncam i gcomhréir go hiomlán leis an gCód Iompair. Níl aon oibleagáid ghinearálta ann do na Feisirí na stoic uile atá ina seilbh a dhearbhú sa Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha. Más mian leis na Feisirí a sealúchas scaireanna nó punann stoic a lua, amhail cistí infheistíochta nach dtagann faoin sainmhíniú a bhunaítear le hAirteagal 4 den Chód Iompair, tá cead a gcinn acu an fhaisnéis sin a sholáthar i roinn (G) dá nDearbhú.

Tá an méid thuas gan dochar do na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa (Airteagal 3 den Chód Iompair). Ní chaithfidh Feisirí scaireanna a dhearbhú ach amháin faoi choinníollacha ar leith, i.e., 'aon sealúchas in aon chuideachta nó in aon chomhpháirtíocht, a bhféadfadh impleachtaí a bheith ann ó thaobh beartais phoiblí de nó i gcás ina dtugtar leis an sealúchas sin tionchar suntasach don Fheisire ar ghnóthaí an chomhlachta lena mbaineann' (Airteagal 4(2), pointe (d) den Chód Iompair). Ní dócha go gcomhlíonfaidh sealúchais i gcistí infheistíochta, ETFanna agus ionstraimí comhchosúla na critéir a luaitear thuas, go háirithe mura bhfuil an Feisire ar an eolas faoi na cuideachtaí atá san áireamh sa phunann.

b) Clásail rúndachta i gconarthaí fostaíochta a bhaineann le nochtadh ioncaim

De bhun Airteagal 4(2) den Chód Iompair, ní mór an fhaisnéis is gá a lua i nDearbhú an Fheisire maidir le Leasanna Príobháideacha ar bhealach mionsonraithe agus beacht. Níl aon eisceacht ón riail sin dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta, sa Chód Iompair ná ina Bhearta Cur Chun Feidhme.

Chun cás a sheachaint ina bhféadfadh Feisirí a n-oibleagáidí conarthacha a shárú, is féidir leo an tagairt 'Tuarastal faoi iamh rúnda' (faoin réimse 'cineál an tsochair') a chur isteach agus/nó an cás a mhíniú i roinn (G) den fhoirm. I gcásanna den sórt sin, ba cheart léiriú a bheith ann go bhfaightear ioncam.

II. Cruinnithe le hionadaithe sainleasa agus le hionadaithe ó thríú tíortha a fhoilsiú

Is é is aidhm don oibleagáid in Airteagal 7 den Chód Iompair cruinnithe a fhoilsiú trédhearcacht níos mó a sholáthar i gcásanna ina raibh malartuithe ag ionadaithe sainleasa le Feisirí maidir le gnó parlaiminteach. Is é cineál agus príomhchuspóir an chruinnithe sceidealta, agus an fíoras go bhfuil sé réamhshocraithe agus pleanáilte, gné shainiúil an cháis seo, ní hé a shuíomh ná an teicneolaíocht a úsáidtear (glao gutháin, físghlao, cruinniú ar líne, etc.).

Baineann an oibleagáid i leith cruinnithe a fhoilsiú le cruinnithe sceidealta chun gnó parlaiminteach a phlé, i.e. tuarascálacha, tuairimí, rúin, díospóireachtaí iomlánacha agus cásanna práinne, le hionadaithe sainleasa atá faoi réir an Chláir Trédhearcachta nó le hionadaithe tríú tíortha (Airteagal 7(2) den Chód Iompair agus Airteagal 4(2) den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le clár trédhearcachta éigeantach).

Eisceachtaí

Ní gá gach cruinniú a dhearbhú. Déantar ionadaithe ó údaráis na mBallstát ar gach leibhéal (náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil) a eisiamh go sainráite ó raon feidhme an Chláir Trédhearcachta, dá bhrí sin, níl aon oibleagáid ann cruinnithe den sórt sin a fhoilsiú.

Thairis sin, le hAirteagal 12(1) (b) de na Bearta cur chun feidhme, déantar, *inter alia*, teagmhálacha spontáineacha nó sóisialta, gníomhaíochtaí toghlaigh agus rannpháirtíocht i ndíospóireachtaí poiblí a eisiamh ó fhoilsiú na gcruinnithe.

Ní gá, dá bhrí sin, pléití painéil, ar díospóireachtaí poiblí iad, ná malartuithe spontáineacha le haíonna ag imeachtaí, a fhoilsiú mar chruinnithe.

Eisiatar freisin gníomhaíochtaí toghlaigh ón oibleagáid i leith foilsiú, toisc go meastar nach bhfónann siad do chuspóir na brústocaireachta. Is é is aidhm don eisceacht sin imeachtaí sóisialta, díospóireachtaí agus cruinnithe príobháideacha le saoránaigh agus le toghthóirí ionchasacha a chumhdach. D’fhéadfaí imeachtaí amhail aontaí trádála nó cuairteanna cuideachtaí a chumhdach leis an eisceacht freisin, i gcás ina mbuaileann Feisirí le gnólachtaí áitiúla agus ina gcuirtear ar an eolas iad faoi dhálaí gnó áitiúla.

De ghnáth, ní dhéantar turais grúpaí cuairteoirí nó turais comhlachais gnó chun na Bruiséile nó Strasbourg a eagrú, fiú má shocraítear roimh ré iad, chun críoch brústocaireachta. Bíonn líon mór cuairteoirí i gceist agus éagsúlacht i gceist sna hábhair a phléitear. Ina theannta sin, is iondúil nach í an bhrústocaireacht an príomhábhar spéise a bhíonn ag grúpa cuairteoirí ná ag turas comhlachais gnó, ach cuairt staidéir nó cuairt chun dul i dtaithí ar obair na Parlaiminte agus a Feisirí a bhíonn i gceist. Dá bhrí sin, ní gá cruinniú le grúpa cuairteoirí, fiú má bhíonn ábhair imní ar leith i gceist, ná le comhlachas gnó ar cuairt, a dhearbhú.

Mar sin féin, más rud é, i gcomhthéacs aon cheann de na himeachtaí thuasluaite, go mbeadh cruinniú ar leithligh, réamhshocraithe ann idir Feisire agus ionadaí sainleasa arna shainaithint go soiléir atá faoi réir raon feidhme an Chláir Trédhearcachta nó ionadaí tríú tír, agus é mar phríomhchuspóir aige gnó parlaiminteach a phlé (tuarascáil, tuairim, rún, díospóireacht iomlánach nó cás práinne), ba cheart an cruinniú sin a fhoilsiú, fiú más sa toghlach a tharlaíonn sé.

Cruinnithe a bhfreastalaíonn cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe orthu

Más rud é gurb é cineál agus cuspóir an chruinnithe arna thionól ag cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe, tionchar a lorg ar an bhFeisire lena mbaineann, agus go gcuirtear an toradh in iúl don Fheisire i bhfoirm éigin, ba cheart é a dhearbhú.

Tá feidhm aige sin freisin maidir le cúntóirí parlaiminteacha atá ag obair do ghrúpáil. Ina theannta sin, i gcás cúntóirí parlaiminteacha atá ag obair do ghrúpáil, ba cheart a dhearbhú go bhfuil an cruinniú á thionól thar ceann an Fheisire nó na bhFeisirí ar thug na cúntóirí tuairisc dóibh maidir le hábhar nó toradh an chruinnithe (mar shampla, an Feisire atá ina Rapóirtéir nó ina Scáth-rapóirtéir le haghaidh comhad ar leith).

Glaonna teileafóin

Is é cineál agus cuspóir an chruinnithe sceidealta an ghné shainiúil i gcás na hoibleagáide i leith cruinniú a fhoilsiú, agus an fíoras go bhfuil sé réamhshocraithe agus pleanáilte chun gnó parlaiminteach nithiúil a phlé, ní modhanna teicneolaíochta an chruinnithe.

Glaonna teileafóin atá neamhsceidealta nó gan chuireadh, a fhaightear go spontáineach nó a chuirtear, nó glaonna ar thopaicí ginearálta, nó ábhair nach mbaineann le gnó parlaiminteach nithiúil, níl siad faoi raon feidhme an fhoilsithe éigeantaigh.

Maidir le cruinniú sonrach, réamhshocraithe idir Feisire agus ionadaí sainleasa arna shainaithint go soiléir atá faoi réir raon feidhme an Chláir Trédhearcachta nó ionadaí tríú tír, agus é mar phríomhchuspóir aige gnó parlaiminteach nithiúil a phlé (tuarascáil, tuairim, rún, díospóireacht iomlánach nó cás práinne), a eagraítear mar ghlao teileafóin, meastar é a bheith ina chruinniú sceidealta i gcur i bhfeidhm an Chóid Iompair.

An spriocdháta chun cruinniú a fhoilsiú

Níl aon spriocdháta foirmiúil ann chun cruinnithe a fhoilsiú. Is féidir foilsiú rialta a bheith i gceist le dea-chleachtas, amhail foilsiú míosúil. Is é is aidhm don mholadh seo cúnamh a thabhairt d'Fheisirí a mbíonn orthu líon ard cruinnithe a dhearbhú. Ar ndóigh, tá cead ag na comhaltaí uainiú agus minicíocht fhoilsiú a gcruinnithe a roghnú.

Ina theannta sin, i rith na bliana, lean an Rúnaíocht, de réir a cleachtais sheanbhunaithe, ag freagairt d'fhiosrúcháin a chuir Feisirí agus a gcúntóirí parlaiminteacha ar aghaidh maidir le conas forálacha an Chóid agus a Bhearta Cur Chun Feidhme a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gceart, agus a n-ualach riaracháin á laghdú, a mhéid is féidir.

## 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ A BHAINEANN LEIS AN gCÓD IOMPAIR

### 3.1 Dearbhuithe maidir le leasanna Príobháideacha na bhFeisirí a thíolacadh agus a thabhairt cothrom le dáta

De bhun Airteagal 4 den Chód Iompair, ní mór do na Feisirí Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha atá mionsonraithe agus beacht a thíolacadh faoi dheireadh an chéad pháirtseisiúin tar éis toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a bheith ann nó laistigh de 30 lá ó dhul i mbun oifige leis an bParlaimint dóibh le linn téarma parlaiminteach.

Sa 9ú téarma, rinne gach Comhalta seachas beirt[3] an Dearbhú is gá maidir le Leasanna Príobháideacha a chur isteach i gcomhréir leis na rialacha nua.

Sa 10ú téarma, tá Dearbhú den sórt sin tíolactha ag na Feisirí tofa go léir. Cheana féin, rinneadh 65 Dhearbhú cothrom le dáta faoi dheireadh mhí na Nollag 2024.

[3] Bhí an bheirt acu éagumasaithe óna sainorduithe a fheidhmiú.

### 3.2 Dearbhuithe eile a thíolacadh

• Dearbhú maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa

Is oibleagáid nua é an dearbhú seo a tugadh isteach leis an athchóiriú ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte. Ní mór d'Fheisirí a théann i mbun oifigí áirithe (Leas-Uachtarán, Caestóir, Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach coiste nó toscaireachta) nó feidhmeanna (rapóirtéir nó scáthrapóirtéir nó rannpháirtí i dtoscaireacht oifigiúil nó i gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha) a dhearbhú cibé acu atá nó nach bhfuil siad ar an eolas faoi aon choinbhleacht leasa i ndáil le freagrachtaí na hoifige, na tuarascála, na tuairime, na toscaireachta nó na caibidlíochta atá i gceist. I gcás coinbhleachtaí leasa a bheith ar eolas, bunaítear nós imeachta sonrach leis an gCód Iompair.

Ós rud é go raibh formhór na dtoghchán agus na gceapachán don 9ú téarma parlaiminteach déanta cheana féin nuair a tháinig na rialacha nua i bhfeidhm, níor tíolacadh ach 575 dhearbhú ó thús mhí Eanáir 2024 go dtí sos na dtoghchán. Idir an 16 Iúil agus an 31 Nollaig 2024, rinneadh 1418 ndearbhú sa 10ú téarma, rud a léirigh ardleibhéal comhlíontachta. A luaithe a thosóidh na coistí ag obair níos déine ar thograí reachtacha, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar an líon sin.

• Dearbhú Sócmhainní

Is oibleagáid nua é an Dearbhú Sócmhainní, atá le cur isteach ag na Feisirí uile a chuir tús lena sainordú tar éis an 1 Samhain 2023. Ní mór é a thabhairt isteach ag tús gach sainordaithe agus ag deireadh gach sainordaithe. Cumhdaítear leis an dearbhú sócmhainní (maoin dhochorraithe, ionstraimí airgeadais, agus cuntais bhainc neamh-AE), agus dliteanais amhail iasachtaí. Tá na dearbhuithe sin neamhthipiciúil sa mhéid is, cé go bhfuil siad éigeantach, nach mbíonn siad le foilsiú agus nach gcuirfí ar fáil iad ach d'údaráis bhreithiúnacha i gcomhthéacs imeachtaí dlíthiúla.

Sa 9ú téarma, níor bhain an oibleagáid sin ach le 21 Fheisire ar cuireadh tús lena sainordú tar éis an 1 Samhain 2023.

Sa 10ú téarma, tá a ndearbhuithe tíolactha ag na Feisirí go léir.

• Dearbhú Ionchuir

Is iarscríbhinn é an dearbhú seo a ghabhann le tuarascáil nó tuairim ar leibhéal coiste, ina dtaispeántar cé hiad na daoine nó na heagraíochtaí óna bhfuair an rapóirtéir ionchur le linn dó nó di a phost nó a post a ullmhú. Is ann don chineál sin iarscríbhinne ar bhonn deonach ó 2016 i leith, agus thugtaí 'lorg reachtach' uirthi. Athainmníodh an iarscríbhinn seo leis an gCód Iompair nua agus rinneadh éigeantach í i gcás gach tuarascála agus tuairime.

Amhain ón 1 Samhain 2023, ní féidir tuarascálacha gan dearbhú ionchuir a chur síos don suí iomlánach. Dá bhrí sin, tá tuarascálacha uile na gcoistí a vótáladh sa suí iomlánach ó mhí na Samhna 2023 i leith i gcomhréir leis an gceanglas.

- Bronntanais

Rinneadh na rialacha maidir le bronntanais a shimpliú beagán leis na Bearta Cur Chun Feidhme, rud a fhágann go bhfuil sé níos soiléire nach gá bronntanais ar lú a luach ná EUR 150 a dhearbhú. Ó thús 2024 go dtí deireadh an 9ú téarma, dearbhaíodh naoi mbronntanas mar sin, agus dearbhaíodh dhá bhronntanas déag idir tús an 10ú téarma agus an 31 Nollaig 2024.

- Dearbhú maidir le freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe

Tá Dearbhú maidir le Freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe riachtanach i gcás inarb é tríú páirtí a rinne speansais taistil, chóiríochta nó chothaithe na bhFeisirí a íoc nó a aisíoc go hiomlán nó go páirteach.

Idir mí Eanáir 2024 agus deireadh an 9ú téarma, rinneadh 64 dhearbhú. Sa 10ú téarma, bhí 76 dhearbhú déanta faoi dheireadh mhí na Nollag 2024.

- Foilsiú na gCruinnithe

Rinneadh dhá phríomhathrú ar an gCód Iompair nua, tríd an oibleagáid a leathnú chuig na Feisirí uile (agus chuig a gcúntóirí, más rud é gur tarmligeadh an cruinniú) ar thaobh amháin, agus chuig cruinnithe le hionadaithe ó thríú tíortha ar an taobh eile. Faoi láthair, ní mór do na Feisirí gach cruinniú sceidealta a bhaineann le gnó parlaiminteach le hionadaithe sainleasa a thagann faoi raon feidhme an Chláir Trédhearcachta nó le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, a fhoilsiú ar líne.

Ag deireadh an 9ú téarma, amhail ó mhí Eanáir 2024, bhí 5970 cruinniú dearbhaithe. Sa 10ú téarma, fógraíodh 15 060 cruinniú go dtí deireadh mhí na Nollag 2024.

### 3.3 Múscailt feasachta

De réir Airteagal 10(7) den Chód Iompair, ní mór don Choiste Comhairleach feasacht na bhFeisirí ar an gCód Iompair agus ar a Bhearta Cur Chun Feidhme a ardú ar bhonn rialta. Chuige sin, de réir Riail 7 dá Rialacha Nós Imeachta, tá an Coiste Comhairleach le feachtas faisnéise a chur i gcrích a bheidh dírithe ar na Feisirí uile maidir lena n-oibleagáidí faoi na rialacha thuasluaite uair sa bhliain ar a laghad.

Ba ghné ríthábhachtach den phróiseas múscailte feasachta é fáilte a chur roimh Fheisirí nua tar éis thoghcháin mhí an Mheithimh 2024. Mar aon leis an bhfaisnéis ghinearálta a cuireadh ar fáil, tugadh an cúnamh praiticiúil aonair maidir le dearbhuithe éagsúla ag an Welcome Village agus trí theagmháil dhíreach le Comhaltaí lasmuigh den Village freisin. Cuireadh

cúnamh pearsanta ar fáil do na Feisirí agus dá n-oifigí i rith na bliana, rud a chabhraigh leo na hoibleagáidí éagsúla a chomhlíonadh go rathúil.

Tar éis na dtoghchán Eorpach, chun cuidiú leis an gCód Iompair a chomhlíonadh, d'eagraigh an tAonad um Riarachán do na Feisirí, thar ceann an Choiste Chomhairligh, 8 seisiún faisnéise leis na Feisirí agus 6 sheisiún faisnéise do chúntóirí parlaiminteacha agus don fhoireann arna iarraidh sin do ghrúpaí polaitiúla.

Ghlac an tAonad um Riarachán do na Feisirí páirt freisin i 26 sheisiún oiliúna maidir le dea-bhainistiú oifige, arna n-eagrú ag AS PERS do na Feisirí, agus seisiúin oiliúna éigeantacha do chúntóirí parlaiminteacha chun feasacht a mhúscailt maidir le hábhar an Chóid Iompair agus ról an Choiste Chomhairligh.

Leanfar den oiliúint ar fad in 2025 agus beidh sí ar siúl go tráthrialta ar feadh an téarma pharlaimintigh.

**3.4 Staidreamh**

| | | **2023** | **2024 an 1ú leath** | **2024 an 2ú leath** |
|---|---|---|---|---|
| **Dearbhú maidir le Leasanna Príobháideacha (DPI)** | **Nua (Feisirí i mbun oifige)** | 616 | 87 | 718 |
| | **Nua (Feisirí nua)** | 7 | 15 | 8 |
| | **Nuashonruithe** | N/B | 61 | 65 |
| | **Iomlán** | 623 | 163 | 791 |
| **Dearbhuithe maidir le Freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag tríú páirtithe** | | 313 | 64 | 76 |
| **Fógra faoi Bhronntanais** | | 338 | 9 | 12 |
| **Dearbhuithe maidir le Feasacht ar Choinbhleacht Leasa** | | 342 | 575 | 1418 |
| **Dearbhuithe Sócmhainní** | | 6 | 16 | 726 |

## 4. RIARACHÁN

Is é an tAonad um Riarachán do na Feisirí in AS na hUachtaránachta a chuireann seirbhísí rúnaíochta ar fáil don Choiste Comhairleach agus tá sé ainmnithe ag an Ardrúnaí mar an tseirbhís inniúil faoi Airteagail 7, 8, 9, 14 agus 15 de na Bearta Cur Chun Feidhme.

Is iad seo a leanas a shonraí teagmhála:

Advisory.Committee@europarl.europa.eu

Parlaimint na hEorpa
Rúnaíocht an Choiste Chomhairligh maidir le hIompar na bhFeisirí
60, Rue Wiertz
SPAAK 07B022
B-1047 An Bhruiséil